An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2018

www.pensionsauthority.ie

# CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh .......... 2
Ráiteas an Rialtóra Pinsean .......... 3
An tÚdarás Pinsean .......... 4
Achoimre ar ghníomhaíocht rialála agus aschuir 2018 .......... 5
Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach .......... 6
Coiste an Údaráis .......... 10
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, le cur os comhair Thithe an Oireachtais .......... 11
Ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis .......... 13
Ráiteas maidir le rialú inmheánach .......... 18
Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe .......... 20
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach .......... 21
Ráiteas ar an staid airgeadais .......... 22
Ráiteas ar shreafaí airgid .......... 23
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais .......... 24

**Aguisín I** *Ballraíocht i Scéimeanna Pinsin Ghairme (OPS) agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)* .......... 37



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean ("an tÚdarás") a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir Alt 23(2) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

### A bhfuil i ndán do phinsin in Éirinn

Is mó an fheasacht ná riamh ar an mbearna idir uaillmhianta mhuintir na hÉireann dá mblianta scoir agus an teacht isteach ar dócha a bheith acu agus iad ar scor. Cé go mbeidh Pinsean an Stáit i gcónaí ag croí teacht isteach scoir, beidh ról tábhachtach, méadaitheach ag coigilteas pinsin forlíontach chun a chinntiú nach dtitfidh caighdeán maireachtála mhuintir na hÉireann go mór i ndiaidh dul ar scor.

Chun é seo a ghnóthú is gá muinín a bheith ag daoine as an gcóras coigilteas pinsin. Is é cuspóir an Údaráis bheith ag obair i dtreo córais atá éifeachtach, iontaofa agus a thugann luach ar airgead. Ba chóir don fhaisnéis a thugtar do bhaill a bheith ábhartha agus sothuigthe. Lena chois sin, ós rud é go bhfuil na nósanna oibre agus maireachtála atá againn ag athrú go mear agus go bhfuil síorchlaochlú ag teacht ar na gnáthmhúnlaí oideachais, oibre agus scoir, ní mór don chóras pinsin a bheith in ann teacht chun réitigh leis na hathruithe seo.

Tá cuspóirí straitéiseacha an Údaráis ailínithe le Treochlár Pinsean an Rialtais 2018-2023, a foilsíodh i mí Feabhra 2018 agus le feidhmiú Threoir IORP II. Is é an comhthoradh a bheidh ar na hathleasuithe seo dúshláin shuntasacha chultúrtha, rialachais agus riaracháin d'iontaobhaithe, fostóirí agus don earnáil pinsin sna blianta atá romhainn.

Is é cuspóir ghníomhaíocht athleasaithe an Údaráis scéimeanna dea-eagraithe pinsin a sheachadann dea-thorthaí do bhaill scéim pinsin agus do ranníocóirí CSSPanna. Múnlófar gníomhaíocht mhaoirseachta an Údaráis chun a chinntiú go bhfeidhmíonn iontaobhaithe scéimeanna, soláthraithe CSSP agus iad sin a bhfuil baint acu le pinsin de réir ardchaighdeán bainistíochta agus rialachais agus go ndéanann siad cumarsáid ardchaighdeáin le baill agus le ranníocóirí.

### Obair an Údaráis a mhaoiniú

Le feidhmiú Threoir IORP II, tiocfaidh athrú suntasach ar an gcaoi a ndéanfaidh an tÚdarás maoirseacht ar scéimeanna pinsin ghairme. Cuireann an Treoir d'iallach ar an Údarás samhail mhaoirseachta mheasúnachta cheannródaíoch, bunaithe ar riosca a fheidhmiú. Mar gheall ar an tsamhail nua mhaoirseachta seo, bunaithe ar riosca, beidh gá le fostaithe breise agus méadófar go mór na costais a bhaineann lena leithéid de mhaoirseacht a chur ar fáil.

Le cois an chuir chuige nua maoirseachta, tá riachtanais nua tuairiscithe sonraí i gceist do scéimeanna pinsin a thug Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme na hEorpa agus an Banc Ceannais Eorpach isteach le héifeacht ó 2019.

Beidh gá le forbairt shuntasach chóras TF agus shonraí an Údaráis sna blianta beaga atá romhainn le tacú le dualgais mhéadaithe mhaoirseachta agus bhailithe sonraí an Údaráis. Cuirfidh na costais a bhaineann le feidhmiú an bhonneagair chuí TF agus córas bainistíochta sonraí go mór le costais eagraithe an Údaráis amach anseo.

Má tá an tÚdarás le híoc as na costais mhéadaithe mhaoirseachta seo, ní mór dó a ioncam táillí a mhéadú sna blianta atá romhainn. Níos déanaí i mbliana, déanfaidh an tÚdarás moladh ar tháillí a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### Rialachas

Mar chomhlacht poiblí, tá freagracht ar an Údarás Pinsean as a chuid oibre a dhéanamh ar bhonn éifeachtach agus as bheith follasach maidir lena chuid gníomhaíochtaí a thuairisciú. Cloíonn an tÚdarás leis an gCód Rialachais d'Fhorais Stáit agus leis an gcomhaontú maoirseachta atá i bhfeidhm leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. (RGFCS). Tá na torthaí leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo agus sna doiciméid a ghabhann leo a sholáthróimid don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### Obair an Údaráis

Léirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil obair dhian an Rialálaí Pinsin agus fhoireann an Údaráis agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le mo chomh-chomhaltaí san Údarás agus le Cathaoirleach agus le comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, na comhaltaí reatha agus na comhaltaí a d'éirigh as le linn 2018 araon. I mí na Nollag 2018, chuaigh Anne Vaughan ar scor ón tseirbhís phoiblí agus, mar sin de, d'éirigh as a ballraíocht den Údarás. Bhí baint ag Anne leis an Údarás ar feadh na mblianta san iomad ról agus roimhe sin le Bord na bPinsean. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'ionchur dearfach Anne sa tseirbhís phoiblí agus buíochas ar leith a thabhairt di as a tacaíocht agus a cuid oibre leis an Údarás le blianta anuas.

Baineann ár gcuid oibre tairbhe as ár ndlúthchaidreamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus táimid ag súil le bheith ag comhoibriú sna blianta atá romhainn.

**Dr David Beg**
Cathaoirleach



# RÁITEAS AN RIALTÓRA PINSEAN

Aontaítear go forleathan nach bhfuil soláthar reatha pinsin na hÉireann ard go leor agus mura bhfeabhsófar é, titfidh caighdeán maireachtála a lán díobh sin atá ag obair faoi láthair go mór nuair a rachaidh siad ar scor. Féadann ról tábhachtach a bheith ag pinsin fhorlíontacha chun tabhairt faoi na dúshláin seo. Ciallaíonn sé seo, áfach, go gcaithfimid córas pinsin a bheith againn a oibríonn go maith agus ar chóir do dhaoine atá ag coigilt i gcomhair pinsin muinín a bheith acu as.

Is tábhachtach buanna chóras reatha pinsin na hÉireann a aithint agus an bua is mó orthu tá na daoine a bhfuil baint acu leo. Braitheann an córas go háirithe ar, agus baineann tairbhe as, obair agus díograis an iomad iontaobhaí agus a mbunús siúd ní fhaigheann siad aon íocaíocht as a gcuid oibre. Lena chois sin, tá cuid mhór daoine oilte, tiomanta ag obair i dtionscal pinsin na hÉireann. Is iad seo na buanna ar féidir cur leo.

Ní mór dúinn, áfach, a bheith ionraic faoi na laigí atá i gcóras pinsin na hÉireann. Tá go leor samplaí de chostais arda, d'infheistíocht mhíchuí agus de chumarsáid easnamhach le baill. Is é an tslat tomhais is fearr ar a fheabhas a fheidhmíonn ár gcóras pinsin na tuairimí agus na heispéiris atá acu sin a n-eagraítear an córas ar a son. Dá réir seo, ní fheidhmíonn an córas go maith agus tá a lán feabhsúcháin de dhíth.

Tá níos mó ná fáth amháin le cúrsaí a bheith mar atá siad faoi láthair. Bhíodh sé rófhurasta scéim pinsin a bhunú agus, dá thoradh, freagrachtaí suntasacha a ghlacadh. Rinneadh athruithe ar phinsin, iarrachtaí feabhsúcháin san áireamh, ina chodanna agus ba é a thoradh sin a thuilleadh castachta. Ciallaíonn an córas casta, neamhsheasmhach cánachais i leith ranníocaíochtaí pinsin agus sochair go háirithe go mbíonn comhairle ghairmiúil de dhíth, ina lán cásanna chun an córas a thuiscint agus níor chóir a leithéid a bheith amhlaidh. Cuirimid fáilte roimh chruthú Ghrúpa Idir-Rannach Athleasaithe Pinsin agus Cánachais agus leanfaimid de chur lena chuid oibre nuair a iarrfar orainn.

Le haistriú Threoir IORP II tá idir dheis agus dhualgas tabhairt faoi go leor de na deacrachtaí i scéimeanna gairmiúla na hÉireann. Tiocfaidh sainmhíniú níos mine leis an aistriú ar fhreagrachtaí agus riachtanais inniúlachta d'iontaobhaithe agus oibleagáid orthu a léiriú go follasach go bhfuil a gcuid scéimeanna dea-rialaithe agus comhlíontach. Cuirfidh an Treoir d'iallach ar an Údarás freisin córas maoirseachta fadcheannach, bunaithe ar rioscaí a chur i bhfeidhm arb é a chuspóir cosc a chur ar fhadhbanna a theacht aníos a dhéanann aimhleas na mball. Tagann na hathruithe seo in éineacht le hathruithe eile a tharla le déanaí agus atá ar na bacáin, lena n-áirítear EIOPA agus oibleagáidí tuairiscithe sonraí BCE, rialacha urrúsaithe, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Frithsciúradh Airgid: Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas) 2019 agus RGCS.

Ní mór dóibh sin atá rannpháirteach i ngnó pinsin na hÉireann méid na n-athruithe a thiocfaidh sna blianta atá romhainn a aithint agus glacadh leo óir beidh siad i bhfad níos suntasaí ná aon athleasú a tharla le déanaí. Is é buntasc scéimeanna pinsin cúram a dhéanamh d'airgead atá coigilte ag daoine eile. Gach duine lena mbaineann, ní hé amháin iontaobhaithe ach a gcomhairleoirí, riarthóirí agus soláthraithe seirbhísí eile chomh maith, ní mór dóibh glacadh le tábhacht a bhfreagrachta agus a bheith freagrach aisti. Tá lucht coigilte pinsin i dteideal na gcaighdeán céanna slándála, cúraim agus freagrachta a bhaineann le cineálacha eile coigilte.

Tá moill ar aistriú na Treorach agus cumarsáid a bhaineann leis na hoibleagáidí nua agus is ábhar frustrachais é seo do gach duine lena mbaineann. Ach a luaithe is a tharlaíonn an t-aistriú, seolfaidh an tÚdarás clár dianteagmhála le gach dream a bhfuil baint acu le soláthar pinsin ghairme chun a chinntiú go dtuigtear go follasach na freagrachtaí agus na hoibleagáidí nua agus go ndéanfar beart dá réir.

In áit eile sa tuarascáil seo, tugaimid mionsonraí ar an obair atá idir lámha san eagras seo. Ábhar áthais dúinn staid airgeadais scéimeanna le sochar sainithe a bheith feabhsaithe. Tá údar imní fós, áfach, ag baint le leochaileacht na hearnála. Faoi IORP II, beidh d'iallach ar gach iontaobhaí dul i mbun cur chuige struchtúrtha i leith bainistíocht riosca agus bainisteoir riosca dea-cháilithe a cheapadh. Ar réimsí fócas maoirseachta an Údaráis maidir le scéimeanna le sochar sainithe beidh conas a bhainistíonn iontaobhaithe a riosca infheistíochta. Iarrfar ar iontaobhaithe a gcuir chuige i leith na hinfheistíochta a mhíniú agus a chosaint agus na rioscaí a ghlacann siad ar son a gcuid ball a mhíniú agus a chosaint, go háirithe a gcuid ball nach ndeachaigh ar scor fós a ghabhann beagnach gach riosca ina leithéid de scéimeanna.

Mar atá luaite ag an gCathaoirleach cheana féin, d'éirigh Anne Vaughan as a post mar bhall den Údarás i mí na Nollag 2018. Comhghleacaí agus cara linn í Anne ar feadh na mblianta agus cronófar go mór í. Ábhar áthais dúinn ceapadh Jacqui McCrum ina hionad agus muid ag dúil go mór le bheith ag obair ina cuideachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhalta den Údarás as a gcomhairle, dúshlán agus tacaíocht i gcaitheamh na bliana.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mo chomhghleacaithe a oibríonn san Údarás. Tá an tiomantas céanna againn uile chun pinsin na hÉireann a fheabhsú agus a chosaint. Bhain dua, dúshlán agus, uaireanta, frustrachas le 2018 ach tá mé cinnte go ndéanfar dul chun cinn maith i ngnóthú a lán dár gcuspóirí maidir le pinsin na hÉireann in 2019.



**Brendan Kennedy** An Rialtóir Pinsean

# AN TÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus beirt ghnáth-chomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis:



**An Dr. David Begg**
Cathaoirleach



**An Bean Uasal Jacqui McCrum**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (Ionadaí don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí)



**An tUasal Gary Tobin.**
Rúnaí Cúnta
An Roinn Airgeadais
(Ionadaí don Aire Airgeadais)



D'éirigh Anne Vaughan, Leas-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí as a post mar chomhalta den Údarás i mí na Nollag 2018 agus ceapadh Jacqui McCrum, Leas-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ina hionad.

Tháinig an tÚdarás le chéile 10 n-uaire in 2018. Ba é seo a leanas an ráta tinrimh David Begg 10/10, Anne Vaughan 10/10, agus Gary Tobin 9/10.

Déantar an chinnteoireacht laethúil a tharmligean do bhaill foirne faoi mhaoirseacht ghníomhach an Údaráis. Is mar seo a leanas atá struchtúr bainistíochta an Údaráis



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean



**Grace Guy***
Ceann an Aonaid um Chomhlíonadh



**Ger Clarke**
Ceann Feidhmeach an Aonaid um Chomhlíonadh



**Colum Walsh**
Leas-Cheann Feidhmeach an Aonaid um Chomhlíonadh



**Andrew Nugent**
Ceannasaí Forbraíochta



**Sylvia McNeece**
Ceann Chúrsaí Dlí
(Rúnaí an Údaráis)



**Pat O'Sullivan**
Ceannasaí Teicniúil



**Dervla O'Keeffe**
Ceann an Aonaid um Fhaisnéis Rialála



**David Malone**
Ceann an Aonaid Oibriúcháin

*Bhí Grace Guy, Ceann an Aonaid um Chomhlíonadh ar saoire ó Mheitheamh go Mí na Nollag 2018.

# ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHT RIALÁLA AGUS ASCHUIR 2018

**4** Tugadh **CHÁS IONCHÚISIMH** chun críche

Osclaíodh **62 FIOSRÚCHÁN NUA** ar sháruithe líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean.

Cuireadh **49** fiosrúchán I **GCRÍCH** le linn na bliana

Rinneadh **12 INIÚCHADH AR AN LÁTHAIR** ar cheithre riarthóir chláraithe, trí sholáthraí PRSA, trí sholáthraí seirbhíse agus dhá chuideachta iontaobhais ghairmiúil.

Tionóladh **16 CHRUINNIÚ RANNPHÁIRTÍOCHTA** le scéimeanna le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe lena chinntiú go raibh na hiontaobhaithe ag comhlíonadh a ndualgas agus le caighdeáin fheabhsaithe rialachais a thabhairt isteach i réimse na hiontaobhaíochta.

Fuarthas **2 NOCHTADH CHOSANTA** a fiosraíodh in 2018 agus a dúnadh go luath in 2019.

**108 INIÚCHADH** Rinneadh iniúchadh ar 108 údarás cuí atá páirteach i Scéim Aonair na hEarnála Poiblí le comhlíonadh na riachtanas nochta faisnéise acu a mheas.

Rinneadh **179 INIÚCHADH DEISCE** ar dhoiciméid nochta a bhain le PRSAnna agus OPSanna.

FUARTHAS 6 THOGRA MAOINITHE Ó SCÉIMEANNA LE SOCHAR SAINITHE AGUS **FAOMHADH IAD**

Fuarthas **5 IARRATAS** le sochair fhabhraithe a laghdú ó scéimeanna le sochar sainithe agus faomhadh iad.

Rinneadh **262,647 SONRA** arna gcur isteach ag comhlachtaí rialáilte a phróiseáil trí Chlár Sonraí Pinsin an Údaráis.

FUARTHAS 6 iarratas ar shaoráil faisnéise agus **RINNEADH PLÉ LEO**

Bhí an caighdeán maoinithe á chomhlíonadh ag **487** ceann de na **614** scéim le sochar sainithe atá faoina réir amhail an 31 Nollaig 2018.

Tá obair ar bun ag **NA 127 SCÉIM EILE, SEACHAS 6 CINN ACU** i dtreo an caighdeán a chomhlíonadh. Tá dian-idirbheartaíocht ar siúl go fóill leis na 6 scéim sin.

Fuarthas **1 IARRATAS AR ROCHTAIN Ó DHUINE IS ÁBHAR DO SHONRAÍ** agus rinneadh plé leis.

Fuarthas **8,000** ceist ghinearálta maidir le cúrsaí pinsin agus próiseála sonraí agus rinneadh plé leo.

# CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAINT AMACH

An fhís atá ag an Údarás don todhchaí ná córas pinsin ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagfar coigilteas pinsin. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016-2020 an Údaráis na ceithre chuspóir straitéiseacha atá ag an eagraíocht chun a fís a chur i gcrích, mar seo a leanas:

1. Déanfaidh an tÚdarás monatóireacht agus maoirseacht ar scéimeanna pinsin ceirde agus ar PRSAnna lena chinntiú go leanfaidh iontaobhaithe, soláthraithe agus riarthóirí inniúla ar aghaidh á mbainistiú go maith.
2. Féadfaidh iontaobhaithe scéime, tionscal na bpinsean agus fostóirí brath ar an Údarás chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil faoina bhfuil an tÚdarás ag súil leis.
3. Tuigfidh an pobal, comhaltaí, rannpháirtithe agus tairbhithe go maith gur foinse inrochtana, ábhartha agus praiticiúil eolais é an tÚdarás.

Beidh an tÚdarás ina fhoinse luachmhar ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir le comhairle, saineolas, faisnéis agus tacaíocht theicniúil faoi chúrsaí pinsin.

Tá roinn straitéisí glactha ag an Údarás chun na cuspóirí sin a chur i gcrích, lena gcuimsítear:

- cur chuige réamhghníomhach feiceálach chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh
- cur chuige praiticiúil i leith an tsoláthair faisnéise agus treorach ina ndírítear ar an inrochtaineacht, doiciméid ar an dea-chleachtas, agus chóid chleachtais
- seirbhís fiosrúcháin ar ardchaighdeán ina dtugtar aghaidh ar ábhair imní agus ar cheisteanna atá faoinár sainchúram reachtúil a n-aithníonn páirtithe leasmhara iad
- treoirphlean cuimsitheach le haghaidh struchtúr pinsean, a bheidh bunaithe ar ár bhfís, agus a chuirfidh eolas ar fáil don phlé beartais a bheidh ar siúl ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil na gníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás in 2018 chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

### Ordlathas na dtosaíochtaí ó thaobh riosca de

Lena áirithiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtach agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na gnóthaí is tábhachtaí agus is éifeachtaí, glacann an tÚdarás le cur chuige maoirseachta atá bunaithe ar ordlathas tosaíochtaí riosca:

An 1ú tosaíocht: mídhílsiú sócmhainní nó ranníocaíochtaí pinsin

An 2ú tosaíocht: easpa rialachais nó drochriarachán agus tionchar aige ar shochair nó mainneachtain sochair dhlite a íoc

An 3ú tosaíocht: Sócmhainneacht scéimeanna le sochar sainithe

An 4ú tosaíocht: mainneachtain faisnéis fhorordaithe a sholáthar do bhaill

An 5ú tosaíocht: teip ag aonáin rialaithe sonraí cruinne agus tráthúla a chur faoi bhráid an Údaráis.

Léiríonn an t-ord seo tromchúis na rioscaí agus ní an dóchúlacht go dtarlóidh siad. Cé gur ar bhunús na dtosaíochtaí sin a leagtar amach gníomhaíocht rialála ginearálta an Údaráis, cinnteoidh an eagraíocht freisin nach ndéanfar neamhaird d’aon réimse. Toisc go mbraitheann rialachán ar chumas an Údaráis eolas iontaofa a fháil, bíonn an eagraíocht ag díriú go háirithe ar theipeanna faisnéis a sholáthar don Údarás atá riachtanach faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le sceithireacht.

### Tuairisciú éigeantach agus deonach / sceithireacht

Tá forálacha reachtúla, ar a dtugtar oibleagáidí sceithireachta, i bhfeidhm lena gcuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine sonraithe atá páirteach i bhfeidhmiú scéimeanna pinsin cheirde, RACanna agus PRSAnna Iontaobhais. Ní mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt don Údarás má mheasann siad go ndearnadh calaois nó mí-leithghabháil ábhartha nó má mheasann siad go bhfuil baol ann go dtarlóidh a leithéid. Féadfaidh duine ar bith tuairisc dheonach a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le staid agus feidhmiú scéime, RAC Iontaobhais nó PRSA.

Déanann an tÚdarás iniúchadh ar thuairiscí ó sceithirí agus ar ghearáin nó líomhaintí tromchúiseacha eile le fáil amach céard a tharla. I gcás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh, is é príomhaidhm an Údaráis comhlíonadh a chinntiú. Mar sin féin, bainfidh an tÚdarás leas as raon iomlán a chumhachtaí faoi Acht na bPinsean nuair is gá.

### Ionchúisimh

Féadfar an dlí a chur ar aonáin rialaithe mar gheall ar neamhchomhlíonadh. in 2018, tugadh ceithre chás ionchúisimh chun críche. I gcás amháin, d'éirigh leis an Údarás ciontú a ghnóthú in aghaidh Kerry Coaches Limited a bhain le hasbhaint ranníocaíochtaí ó phá fostaithe agus teip iad a íoc le hiontaobhaithe na scéime pinsin laistigh den amscála reachtúil (alt 58A(1)). Gearradh fíneáil €900 ar an gcomhlacht. Nuair a dhéantar ciontú a thaifeadadh fuarthas an duine nó an chuideachta ciontach i gcion coiriúil. De na trí chás eile, caitheadh dhá cheann amach agus feidhmíodh an tAcht Promhaidh i leith an cháis eile.

### Nochtuithe cosanta

Rinneadh dhá nochtadh leis an Údarás in 2018 faoin Acht um Nochtadh Cosanta. Fuarthas na nochtuithe ó dhaoine aonair maidir le sáruithe líomhnaithe d'Acht na bPinsean a bhain le rochtain CSSP. Fiosraíodh an dá chás in 2018 agus druideadh iad go luath in 2019.

### Imscrúduithe

In 2018, Chuir an tÚdarás tús le 62 imscrúdú nua ar sháruithe líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáruithe líomhnaithe seo, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis. In 2018, druideadh 49 cás agus atreoraíodh 25 tuairisc neamhchomhlíonta ag dreamanna éagsúla leis an Údarás faoi mholadh ionchúisimh nó pionóis.

Go ginearálta, meathlaíodh le blianta beaga anuas líon na dteagmhais ar gá imscrúdú a dhéanamh orthu maidir le hasbhaint

ranníocaíochtaí agus gan iad a íoc isteach sa scéim.

### Iniúchtaí comhlíonta

Le linn na bliana, rinne an tÚdarás 179 iniúchadh deisce ar cháipéisíocht nochta OPS agus CSSP chun a fháil amach ar íocadh na sochair chuí. Rinne an tÚdarás fosta iniúchadh ar 108 údarás cuí atá páirteach i Scéim Aonair na hEarnála Poiblí chun a gcomhlíonadh riachtanais nochta faisnéise a mheas. I gcás ina n-aimsítear neamhchomhlíonadh i dtaca le hAcht na bPinsean, is é an phríomhaidhm a chinntiú go mbeidh an t-aonán rialaithe comhlíontach ina dhiaidh sin. Sa chás nach dtarlaíonn sé sin, féadfaidh an tÚdarás gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh.

Úsáidtear torthaí ó na hiniúchtaí chun eolas a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí leanúnacha maoirseachta an Údaráis maidir le comhlíonadh.

### Rannpháirtíocht dhíreach le hiontaobhaithe scéime

Le linn 2018, lean an tÚdarás dá chlár cruinnithe rannpháirtíochta dírí le hiontaobhaithe scéimeanna le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe araon. Le linn na bliana, bhí cruinniú ag an Údarás le hiontaobhaithe 16 scéim. Is é an bonn le haghaidh na bpléití sin Cóid Rialachais um Ranníocaíocht Shainithe agus Treoirlínte Bainistíochta Airgeadais um Shochar Sainithe an Údaráis.

Bíonn cruinniú ag an Údarás leis na hiontaobhaithe gan a gcomhairleoirí ná riarthóirí i láthair chun go bpléifidh agus go mbreathnóidh siad ar bhonn pearsanta mar atá iontaobhaithe ag comhlíonadh a ndualgas agus chun caighdeáin fheabhsaithe rialachais a spreagadh san iontaobhaíocht.

### Cigireachtaí ar RCanna agus soláthraithe CSSP ar an láthair

Déanann an tÚdarás measúnú ar leibhéil an chomhlíonta riaracháin le hAcht na bPinsean trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar riarthóirí cláraithe agus soláthraithe PRSA. In 2018, rinne an tÚdarás cigireachtaí ar an láthair ar cheithre RC agus trí sholáthraí CSSP (ag feidhmiú mar Iontaobhaí agus mar RC) a bhfuil sócmhainní cliant ina seilbh dhíreach acu agus dhá chomhlacht ghairmiúla iontaobhaithe.

I gcás ina n-aithnítear aon ábhar imní, comhaontaítear plean chun an fhadhb a réiteach chun sástacht an Údaráis. Más rud é nach réitítear na fadhbanna agus go bhfuil neamhchomhlíonadh fós ann, breithneoidh an tÚdarás smachtbhannaí oiriúnacha a ghearradh faoi Acht na bPinsean.

### Próiseas bliantúil athnuachana RC

Chaill trí cinn den 124 RC spriocdháta 2018 chun a gclárúchán a athnuachan. Ceisteanna riaracháin nó athruithe pearsanra a bhfuil freagrachtaí maoirseachta orthu ba chúis leis na hathnuachaintí déanacha. Scoir 6 RC de ghníomhaíochtaí RC le linn 2018.

### Maoiniú scéimeanna le sochar sainithe

Amhail deireadh 2018, bhí 614 scéim le sochar sainithe ann a bhí faoi réir an chaighdeáin maoinithe As an líon sin, bhí 487 scéim ag comhlíonadh an chaighdeáin maoinithe amhail an 31 Nollaig 2018. Tá moltaí maoinithe comhaontaithe ag an 127 scéim eile ar fad nó tá próiseas cur isteach moltaí maoinithe idir lámha acu, seachas sé cinn acu, a bhfuil mar aidhm leo an scéim a dhéanamh comhlíontach i dtaca leis an gcaighdeán. Tá an tÚdarás ag leanúint den dlúthchumarsáid le hiontaobhaithe na sé scéim seo.

In 2018, fuair an tÚdarás sé mholadh maoinithe ó scéimeanna le sochar sainithe agus faomhadh na tograí sin. Fuair an tÚdarás cúig iarratas ó scéimeanna le sochar sainithe freisin chun sochair fhabhraithe a laghdú, agus ceadaíodh na hiarratais sin.

### Údarú trasteorann

Ní raibh aon iarratas ar údarú in 2018 ó scéimeanna chun feidhmiú ar bhonn trasteorann.

### Scéimeanna trasteorann agus Breatimeacht

Le linn 2018, bhí an tÚdarás i dteagmháil le scéimeanna trasteorann chun ullmhacht baill atá lonnaithe sa RA i gcomhair Breatimeacht chrua a mheas. Rinne ionadaithe de chuid an Údaráis teagmháil fosta le DEASP, Rialálaí Pinsean RA agus leis an Department of Work and Pensions in RA chun impleachtaí Breatimeachta do scéimeanna RA agus scéimeanna trasteorann de chuid na hÉireann. Is de chúram an Rialtais aon athruithe a bheidh de dhíth le go bhféadfaidh scéimeanna de chuid na hÉireann agus RA leanúint de shocruithe trasteorann.

### Comhlachtaí árachas saoil, Riarthóirí Cláraithe, soláthraithe CSSP agus Breatimeacht

D'fhonn ullmhú i gcomhair Breatimeachta, rinne roinnt comhlachtaí atá lonnaithe le fada sa Bhreatain teagmháil leis an Údarás maidir le haistriú beartaithe a ngnó go hÉirinn ionas gur féidir leanúint de thrádáil leis an AE. Beidh cuid de na comhlachtaí seo ag aistriú a ngnó chuig comhlachtaí a bhaineann le RC agus CSSP agus atá lonnaithe in Éirinn. Chabhraigh an tÚdarás leis na comhlachtaí seo chun a chinntiú go gcloíonn siad le hAcht na bPinsean.

### Aighneachtaí CSSP

In 2018, d'fhaomh an tÚdarás, i gcomhair leis na Coimisinéirí Ioncaim táirge CSSP amháin i leith soláthraí nua CSSP. Faomhadh trí tháirge CSSP eile do sholáthraithe reatha CSSP le linn 2018. Próiseáladh 101 leasú freisin ar tháirgí reatha i gcaitheamh na bliana. Baineann na leasuithe seo le hathruithe ar struchtúr gearrtha táillí nó ciste a chur le nó a bhaint de tháirge CSSP.

### Deimhnithe achtúireachta CSSP agus tuairiscí bliantúla CSSP

Éilítear ar sholáthraithe reatha CSSP tuairisc a chur faoi bhráid an Údaráis gach bliain roimh 31 Márta. Cuimsítear sa tuairisc seo sceideal de shamplaí de neamhchomhlíonadh a aibhsíonn achtúire CSSP. Ní raibh aon samplaí suntasacha de neamhchomhlíonadh sainaitheanta ag achtúirí CSSP in 2018.Scrúdaigh an tÚdarás gach mionsampla de neamhchomhlíonadh a thuairiscigh achtúirí CSSP agus pléadh iad leis an soláthraí bainteach CSSP, nuair ba ghá.

### Ordú Fostaíochta Earnála

Tugadh isteach in 2017 an tOrdú Fostaíochta Earnála (OFE). Foráiltear leis ranníocaíochtaí éigeantacha agus sochair pinsin d'fhostaithe sa tionscal tógála. I Márta 2018, síneadh an OFE go dtí fostaithe san earnáil innealtóireachta meicniúla.

Thuairiscigh an tÚdarás ábhair imní anuraidh go bhféadfadh sé a bheith de thoradh ar na riachtanais éigeantacha seo tuairisciú méadaithe ar neamhchomhlíonadh forálacha ranníocaíochtaí Acht

na bPinsean. I rith 2018 bhí an tÚdarás i dteagmháil le riarthóirí scéimeanna na hearnála tógála chun a chinntiú gur tuairiscíodh aon chás neamhíocaíochta go tráthúil. Bhí méadú beag sa líon cásanna neamhchomhlíonta a tuairiscíodh san earnáil seo in 2018. Tá an tÚdarás sásta, áfach, go bhfuil rialuithe leordhóthanacha riaracháin agus tuairiscithe ag na riarthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag sainaithint agus ag tabhairt faoi aon teagmhas a thagann aníos ag an luathchéim.

### Tacaíocht theicniúil

In 2018, lean an tÚdarás le tacaíocht theicniúil a sholáthar don Aire agus do RGFCS agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile an rialtais maidir le cúrsaí pinsin.

In 2018, lean an tÚdarás den obair ar mholtaí mionsonraithe feidhmiúcháin ar na nithe seo a leanas:

- próiseas údaraithe le haghaidh scéimeanna nua agus cinn atá ann cheana
- córas oiriúnachta agus ionracais lena n-áireofar caighdeáin ghairmiúla le haghaidh iontaobhaithe
- cóid agus caighdeáin rialtais nua lena sonraítear struchtúir rialachais agus bainistíochta iomchuí
- roghanna le haghaidh líon na meán pinsin aonair a chuíchóiriú atá ann faoi láthair
- creatlach rialála mholta a fhorbairt le haghaidh oll-iontaobhas
- socruithe idirthréimhseacha do scéimeanna pinsin.

Tá an tÚdarás bainteach le cúig eagras idirnáisiúnta trí fhreastal ar chruinnithe meithle nó sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a chur ar fáil. Áirítear leis na heagrais seo:

- Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme na hEorpa (EIOPA)
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)
- An Coimisiún Eorpach
- An Banc Ceannais Eorpach
- Údarás Urrúis agus Margaí na hEorpa - Tascfhórsa ar Urrúsú

D'fhreagair an tÚdarás don iomad ceisteanna idirnáisiúnta in 2018 agus chomhlánaigh cúig shuirbhé/cheistneoir idirnáisiúnta. Chomhlánaigh an tÚdarás freisin riachtanais tuairiscithe EIOPA sonraí FSR an Earraigh agus an Fhómhair.

I mí Feabhra 2018, d'óstáil an tÚdarás Seimineár idirnáisiúnta ECFE/IOPS ar Phinsin Phríobháideacha -
"*Scor níos fearr a chothú: luach ar airgead a chinntiú, clárú uathoibríoch a fheidhmiú agus íocaíochtaí scoir a dhearadh*". Cruthaíodh clár an tseimineáir chun plé oscailte a spreagadh ar thuairimí ar ghnóthaí tábhachtacha atá roimh rialálaithe pinsean agus ag oifigigh chuí rialtais ar bhonn domhanda chun dearcthaí ar dhea-chleachtas agus ceachtanna atá le foghlaim uaidh a bhailiú. I measc na n-ábhar a pléadh bhí táillí agus luach ar airgead, clárú uathoibríoch agus an chéim dhícharntha i gcórais pinsean príobháideach. Tionóladh an seimineár i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus tháinig timpeall 125 toscaire ó údaráis rialála mar ionadaithe thar ceann bhallstáit IOPS agus ECFE. Bhí oifigigh shinsearacha ó ranna rialtais na hÉireann agus ó ghníomhaireachtaí stáit i láthair freisin.

### Tuairisciú sonraí faoi phinsin

Thug Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme na hEorpa (EIOPA) agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) riachtanais tuairiscithe nua isteach do scéimeanna pinsin. Is in R4 2019 a bheidh an chéad spriocdháta do na riachtanais nua seo. Beidh an tÚdarás ag tuairisciú ar shonraí EIOPA agus beidh Banc Ceannais na hÉireann ag tuairisciú ar shonraí atá de dhíth ar BCE.

### Cinntí

Faoi Acht na bPinsean, tá an chumhacht ag an Údarás in imthosca áirithe cinntí atá ina gceangal de réir an dlí a dhéanamh ar iarratas ó pháirtithe áirithe. Leis na cinntí sin, déantar iontaobhaithe scéimeanna a éascú sochair na mball iarchurtha a aistriú chuig socruithe eile nó chun ligean don Údarás iontaobhaí a cheapadh in ionad an iontaobhaí atá ann in imthosca áirithe. In 2018, d'eisigh an tÚdarás dhá chinneadh reachtúla. Ceadaíodh iarratas alt 35 amháin agus cinneadh alt 64 amháin.

### Forbairt polasaí agus taighde

Thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don Roinn Airgeadais ar an Rialachán Pan-Eorpach Táirge Pinsin Phearsanta (PEPP). Chomhoibrigh an tÚdarás freisin leis na Coimisinéirí Ioncaim chun údarú scéime a thabhairt chun cinn ó thaobh an dá ghníomhaireacht de.

Rinne an tÚdarás comhairliúchán ar riachtanais máistir-iontaobhas a chuir san áireamh rioscaí sainiúla a leithéid de scéimeanna. Tiocfaidh ionchur i bhforbairt cód cleachtais d'iontaobhaithe máistir-iontaobhas de thoradh aschur ón gcomhairliúchán seo.

Bhí ionchur ag an Údarás sa pháipéar comhairliúcháin ar athleasú pinsean a d'fhoilsigh an Grúpa Idir-rannach ar Athleasú Pinsean agus Cánachais (IPRTG) sa tríú ráithe de 2018 agus sa dréacht-tuairisc a réitigh an IPRTG.

Thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don Oifig Bainistíocht Clár Uath-Chláraithe (AE) de réir mar ba ghá. Rinne an tÚdarás taighde ar bhuntáistí agus míbhuntáistí chóras AE bunaithe ar iontaobhas agus conradh, ar riosca a chomhroinnt/comhscéimeanna ranníocaíochtaí sainmhínithe agus ar na difríochtaí idir an córas AE mar a shamhlaítear é i ndréacht-moltaí athleasaithe an Rialtais agus an córas reatha gairme.

Lean an tÚdarás lena chlár taighde leis an ESRI in 2018 d'fhonn fianaise eispéiris a ghiniúint maidir le conas a dhéanann daoine cinntí scoir. Tá an taighde dírithe ar eolas a fheabhsú maidir le conas a dhéanann daoine faisnéis faoi phinsin a phróiseáil agus conas is féidir cuidiú leo cinntí a dhéanamh.

### Tacaíocht, faisnéis agus treoir

Tacaíonn an tÚdarás le hiontaobhaithe, riarthóirí, fostaithe agus comhairleoirí le faisnéis agus le treoir chun cabhrú leo a n-oibleagáidí faoi Acht na bPinsean a thuiscint agus a chomhlíonadh.

In 2018, lean an tÚdarás dá sraith foláirimh chomhlíonta. Dírítear sna foláirimh seo ar réimsí imní is mian leis an Údarás go dtabharfaí fúthu nó go dtabharfaí faisnéis d'aonáin rialaithe ar a n-oibleagáidí faoi Acht na bPinsean. Ina measc siúd bhí:

- Féilire riarachán iontaobhaithe
- Oiliúint iontaobhaithe
- Coinbhleachtaí leasa a bhainistiú

Tugadh faisnéis freisin le linn na bliana mar seo a leanas:

- Bealtaine 2018 - d'eisigh an tÚdarás nóta faisnéise
- I Lúnasa 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás tacar staitisticí do scéimeanna le sochar sainithe a comhthiomsaíodh ó anailís ar Thuairisceáin Sonraí Achtúireacha Bhliantúla a fuarthas suas go dtí an 31 Márta 2018.
- Meán Fómhair 2018 - d'fhoilsigh an tÚdarás faisnéis ar riachtanais nua tuairiscithe sonraí do scéimeanna pinsin a thug an EIOPA agus BCE isteach,

Le linn 2018, phléigh an tÚdarás le tuairim ar 8,000 fiosrú ginearálta agus le haghaidh sonraí. Is ó bhaill scéime a tháinig bunús na bhfiosruithe ginearálta agus bhain siad leis na Rialacháin Nochta Faisnéise. Den chuid is mó, bhain fiosruithe faoi shonraí le haighneachtaí sonraí ó aonáin rialaithe. D'fhreagair an tÚdarás do gach fiosrú de réir Chairt Custaiméirí an Údaráis agus ní bhfuarthas aon ghearán maidir le fiosruithe.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur réimse cuimsitheach faisnéise agus treorach ar fáil saor in aisce ar a láithreán gréasáin. I gcaitheamh na bliana, d'fhreastail an tÚdarás ar imeachtaí poiblí agus rinne cur i láthair. Gach bliain, pléann an tÚdarás le fiosruithe díreacha ó na meáin freisin agus bíonn sé sa tóir ar imeachtaí agus ar dheiseanna sna meáin le plé ar chúrsaí agus ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn i measc an phobail.

### Fiosrúcháin ó Chomhaltaí an Oireachtais

Soláthraíonn an tÚdarás seoladh ríomhphoist tiomanta le haghaidh fiosrúchán oireachtas@pensionsauthority.ie do chomhaltaí an Oireachtais ag iarraidh faisnéise maidir le cúrsaí pinsin nó maidir le hobair an Údaráis. Phléigh an tÚdarás le trí fhiosrú ó chomhaltaí de chuid an Oireachtais in 2018.

Sholáthair an tÚdarás faisnéis freisin do RGFCS mar fhreagairt ar 14 Cheist Pharlaiminte le linn 2018.

### Saoráil faisnéise

Fuair an tÚdarás sé iarratas ar shaoráil faisnéise in 2018 agus thug sé freagra ar na hiarratais sin laistigh de na spriocdhátaí reachtúla.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Comhlíonann an tÚdarás na hoibleagáidí nua RGCS a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Cheap an tÚdarás an Ceann Oibríochtaí mar an Oifigeach Cosanta Sonraí. I gcaitheamh 2018, lean an tÚdarás dá chuid oibre ar chlár oideachais d'fhostaithe agus cothú feasachta ar chosaint sonraí agus bainistíocht taifead i ngach cuid den eagras.

Ní raibh aon tuairisc ar shárú sonraí le déanamh ag an Údarás leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in 2018.

### Iarratais ar rochtain ábhar sonraí (SAR)

Fuair agus chomhlánaigh an tÚdarás SAR amháin laistigh den spriocdháta reachtúil in 2018.

### Acmhainní daonna

Tá an tÚdarás tiomanta d'áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus bíonn sé ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Trí phlean oiliúna agus forbartha foirne an Údaráis tacaítear leis an bhfís agus na cuspóirí de réir mar atá leagtha amach i Straitéis an Údaráis Pinsean 2016 - 2020. Is príomhchumasóir maidir le straitéis an Údaráis ná chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart agus go bhfuil na tacaíochtaí cearta acu.

Le linn 2018, chuaigh an tÚdarás i mbun 18 bhfeachtas ar leith earcaíochta agus ceapadh 17 bhfostaí nua san Údarás dá thoradh sin. Mar chuid den ghníomhaíocht earcaíochta seo, bhí 14 ardú céime inmheánacha ann freisin. Eagraíodh breis agus 127 gníomhaíocht oiliúna agus forbartha d'fhostaithe i gcaitheamh na bliana. Díríodh gnéithe suntasacha den gníomhaíocht oiliúna agus forbartha ar fhostaithe a uas-sciliú le haghaidh an réimis nua maoirseachta rioscabhunaithe atá beartaithe a thiocfaidh i ndiaidh aistriú Threoir IORP II agus feidhmiú chlár athleasaithe an Údaráis.

### Comhionannas poiblí agus dualgas chearta an duine

Tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go gcomhlíonfaimid ár ndualgais chun comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint mar a éilítear i nDualgas Comhionannais agus Chearta Daonna na hEarnála Poiblí (faoi Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014).

Is fostóir comhionannas deiseanna é an tÚdarás. Tá mionsonraí ar pholasaithe agus nósanna imeachta ar chaidreamh fostaithe, lena n-áirítear polasaithe ar dhínit agus meas sa láthair oibre, bulaíocht agus ciapadh, feidhmíocht, oiliúint agus forbairt. Tá ráiteas sábháilteachta, sláinte agus folláine ag an Údarás freisin agus tacaíonn sé le huaireanta oibre solúbtha (fleisc-am), tionscnaimh folláine agus rochtain Clár Cúnaimh d'Fhostaithe.

### Íocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an tÚdarás beartas íocaíochta praise 15 lá i gcomhréir le Cinneadh S29296 a ghlac an Rialtas i Márta 2011. Foilsíonn an tÚdarás na tuarascálacha ráithiúla maidir le híocaíochtaí prasa ar an láithreán gréasáin.

### Úsáid fuinnimh

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2018 agus 218,882 kWh de leictreachas. Leanann an tÚdarás dá chuid oibre ar éifeachtúlachtaí fuinnimh a thabhairt isteach áit ar bith ar gá i ngach cuid den eagras.

# COISTE AN ÚDARÁIS

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)**

Soláthraíonn an ARC maoirseacht agus comhairle neamhspleách don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht mar aon le hiontaofacht maidir le tuairisciú airgeadais. Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tugann an ARC tuairisc fhoirmiúil don Údarás ina dtugtar breac-chuntas ar a ghníomhaíochtaí i rith na bliana mar aon le cibé comhairle agus moltaí atá oiriúnach, dar leis.

Tá téarmaí tagartha ARC leagtha amach ina Chairt, a nuashonraíodh agus a d'fhaomh an tÚdarás i mí na Nollag 2018. Rinneadh leasuithe ar an gCairt chun ról comhairleach an ARC a léiriú. Tuairiscíonn an ARC leis an Údarás. Athbhreithníonn sé agus léiríonn sé tuairimí ar chúrsaí ábhartha agus breithníonn an tÚdarás iad roimh chinneadh a dhéanamh.

Ceithre chomhalta atá ag an ARC agus ag deireadh 2018, iad seo a leanas a bhí i gceist:

- An tUasal Bill Cunningham, Cathaoirleach
- An tUasal Michael Roche, comhalta neamhfheidhmiúcháin
- An tUasal Kevin Barron, ionadaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An tUasal Sean Kinsella, ionadaí na Roinne Airgeadais

Tháinig an ARC le chéile 5 huaire i gcaitheamh 2018 le tinreamh iomlán na gcomhaltaí.

Cuimsíodh na nithe a leanas sa chlár iniúchta inmheánaigh le linn 2018:

- iniúchadh ar a réidhe atáthar don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus córais, polasaithe agus gnáthaimh Saoráil Faisnéise.
- athbhreithniú ardleibhéil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) a rinne an t-iniúchadh seachtrach in Aibreán 2018. D'eisigh an C&AG tuairisc neamhcháilithe i leith chuntais 2017 an Údaráis.

Tá an ARC sásta go bhfuil córas daingean rialuithe inmheánacha agus bainistíocht airgeadais curtha ar bun san Údarás. Tá sé sásta chomh maith gur ann do chóras cuí le haghaidh bainistíocht riosca éifeachtach agus coinneáil ardchaighdeán rialachas corparáideach.

Postáiltear tuairisc bhliantúil an ARC ar shuíomh gréasáin a n Údaráis.



**An tUasal Bill Cunningham**
Cathaoirleach

Feabhra 2019

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE, LE CUR OS COMHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar atá riachtanach de réir fhorálacha Alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990.
Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Pinsean amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme san RA agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé an t-iniúchadh de mo chuid ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Pinsean agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Pinsean faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste

An 21 Meitheamh 2019

# AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 22 d'Acht na bPinsean 1990
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 22 d'Acht na bPinsean 1990 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.



Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann tar éis iniúchadh a dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) Féadtar míshonruithe tarlú ó chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, dá mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh agus de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád i rith an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas an Údaráis Pinsean leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis Pinsean de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais, agus na nochtuithe san áireamh, agus maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha léirithe leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím de réir eisceachta más rud é, i mo thuairim, nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí ag teastáil uaim le haghaidh an iniúchta, nó

- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# RÁITEAS UM RIALACHAS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

## Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean a cuireadh ar bun de bhun Acht na bPinsean, 1990. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 10 den Acht sin. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá an tÚdarás freagrach as dea-rialachas a chinntiú laistigh den eagraíocht agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chomhaontú leis an bhFeidhmeannas agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist ghnó phríomhúil. Ní mór don Rialtóir Pinsean agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leanúint arna chomhaontú leis an Údarás, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach go comhchoiteann as gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh. Déanann sé freagracht oibríochtúil a tharmligean as reáchtáil laethúil an Údaráis don Rialtóir Pinsean agus don Fheidhmeannas. Ní scaoileann a leithéid de tharmligeann an tÚdarás ón dualgas chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe. Tá an tÚdarás freagrach as príomhfheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear: an treo straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta móra a athbhreithniú agus a threorú, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht ar mhór-chaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.

I measc na mbuan-mhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás ag na cruinnithe dá chuid tá:

- coinbhleachtaí leasa
- riosca
- an tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (agus tuairisciú airgeadais san áireamh)
- Tuarascáil an Rialtóra Pinsean
- cinntí forfheidhmithe agus rialála.

Éilíonn Alt 22 d'Acht na bPinsean 1990 ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás na nithe a leanas a dhéanamh faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016):

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Údarás taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnta, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 22 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis trí thagairt don phlean bliantúil ag cruinniú an Údaráis an 22 Eanáir 2019. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil an 4 Nollaig 2018.

Tá an tÚdarás freagrach as moladh bliantúil a thabhairt don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir le scéim pinsin ghairme agus táillí CSSP.

Bíonn an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2018.

## Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de chathaoirleach agus beirt gnáth-chomhalta , agus ceapann an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí gach duine acu. Mairfidh ceapacháin don Údarás le haghaidh tréimhse suas le 5 bliana. Tá comhaltaí incháilithe le haghaidh athcheapacháin. Tagann comhaltaí an Údaráis le chéile beagnach gach sé seachtaine de réir sceideal cruinnithe arna chomhaontú ag tús gach bliana.

Sonraítear sa tábla thíos dáta ceapacháin chomhaltaí an Údaráis in 2018:

| Comhalta an Údaráis | Ról | Dáta Ceapacháin |
|---|---|---|
| David Begg | Cathaoirleach | An 12 Eanáir 2016 |
| *Anne Vaughan | Ionadaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | An 14 Bealtaine 2014 |
| Gary Tobin | Ionadaí na Roinne Airgeadais | An 22 Lúnasa 2017 |
| Jacqui McCrum | Ionadaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | An 21 Eanáir 2019 |

* D'éirigh Anne Vaughan as a post san Údarás ag deireadh mhí na Nollag 2018.

Rinne an tÚdarás féinmheastóireacht ar 17 Iúil 2018. Níor aithníodh aon cheist ar gá gníomhú ina leith.
Tá Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtúlacht an Bhoird sceidealaithe do Ráithe 2 2019.



## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Údaráis le haghaidh 2018 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach comhalta:

| Cruinnithe an Údaráis 2018<br>Líon na gcruinnithe a tionóladh: 10 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm | Post | Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh | Táillí 2018 € | Costais 2018 € |
| David Begg | Cathaoirleach | 10 | 20,520 | 0 |
| Anne Vaughan | Ionadaí an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 10 | 0 | 0 |
| Gary Tobin | Ionadaí an Aire Airgeadais | 9 as 10 | 0 | 0 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) lena gcuimsítear triúr mar chomhaltaí agus cathaoirleach neamhspleách.

Is é ról an ARC comhairle neamhspleách a thabhairt don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear oiriúnacht agus stóinseacht maidir le rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht mar aon le hiontaofacht maidir le tuairisciú airgeadais.

Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht laethúil na heagraíochta ag an bhFeidhmeannas. Go háirithe, cinntíonn an ARC go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh.

Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Tá ceithre bhall ar an ARC agus ag deireadh 2018, na daoine seo a leanas a bhí i gceist:

- An tUasal Bill Cunningham, Cathaoirleach
- An tUasal Michael Roche, comhalta neamhfheidhmiúcháin
- An tUasal Kevin Barron, ionadaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An tUasal Sean Kinsella, ionadaí na Roinne Airgeadais

Bhí cúig chruinniú ag an ARC in 2018.

## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an ARC le haghaidh 2018 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus costais a fuair gach ball:

| Cruinnithe an ARC 2018 Líon na gcruinnithe a tionóladh: 5 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Líon na gcruinnithe ar a bhfreastalaíodh** | **Táillí 2018 €** | **Costais 2018 €** |
| Bill Cunningham | Cathaoirleach | 5 | 2,012 | 0 |
| Kevin Barron | Ionadaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 5 | 0 | 0 |
| Sean Kinsella | Ionadaí na Roinne Airgeadais | 5 | 0 | 0 |
| Michael Roche | Gnáthchomhalta | 5 | 1,414 | 0 |

Ní bhfuair na comhaltaí a leanas aon táille ón Údarás ná ón ARC faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin':

- Anne Vaughan
- Gary Tobin
- Kevin Barron
- Sean Kinsella

### Nochtuithe a theastaíonn faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá sonraí maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 agus costais thuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i nóta uimhir 3 sna ráitis airgeadais.

## Costais chomhairleachta

Cuimsítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus níl feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh leo.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dhlí | 81,779 | 71,108 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 7,715 | 30,252 |
| Caidreamh poiblí | 0 | 0 |
| Comhairleacht taighde | 203,123 | 135,570 |
| Acmhainní daonna | 0 | 33,046 |
| Feabhsú gnó[1] | 20,633 | 159,000 |
| Eile[2] | 36,268 | 11,820 |
| **Costais chomhairleachta iomlána** | **349,518** | **440,796** |
| | **2018<br>€** | **2017<br>€** |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | 22,117 | 82,348 |
| Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 327,401 | 358,448 |
| **Iomlán** | **349,518** | **440,796** |



## Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Soláthraítear miondealú leis an tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas san áireamh leis sin a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta arna fáil ag an Údarás atá nochta i gcostais chomhairleachta thuas.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlíthiúla | 11,279 | 1,363 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **11,279** | **1,363** |

1 Cuimsítear leis sin costas fheabhsuithe córais, forbairt tionscadail agus bainistíocht agus comhairleacht TF eile.

2 Cuimsítear leis sin caiteachas tacaíochta um imscrúdú agus comhlíonadh.

## Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Sa tír seo:** | | |
| - Comhaltaí an Údaráis | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 1,320 | 2,977 |
| **Idirnáisiúnta:** | | |
| - Comhaltaí an Údaráis | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 23,121 | 28,811 |
| **Iomlán** | **24,441** | **31,788** |


## Caiteachas fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas d'fhostaithe [3] | 7,677 | 9,584 |
| Fáilteachas do chliaint | 114 | 807 |
| **Iomlán** | **7,791** | **10,391** |

## Ráiteas um chomhlíonadh

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás Pinsean an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2018.



**David Begg**
Cathaoirleach

An 20 Meitheamh 2019



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

An 20 Meitheamh 2019

3 San áireamh leis sin tá ranníocaíocht le coiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile.

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Aithnímse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## Cuspóir chóras an rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.



## An Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíocht Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás a chomhdhéantar de chomhalta ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, comhalta ón Roinn Airgeadais agus beirt mar chomhaltaí seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta agus is é an Cathaoirleach duine amháin acu. Tháinig an ARC le chéile 5 huaire i gcaitheamh 2018.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe curtha ar bun ag an Údarás freisin, ag a bhfuil acmhainní imleora agus a chuireann clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC.

D'fhorbair an tÚdarás beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an ARC an beartas agus na próisis bainistíochta riosca a fhaomhadh. Eisíodh an beartas le gach fostaí a bhfuiltear ag dúil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca an Údaráis

## Creatlach riosca agus rialaithe

Tá clár rioscaí ag an Údarás ina sainaithnítear bunrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinneadh meastóireacht ar na croírioscaí atá roimh an Údarás agus rangaíodh iad de réir a suntais. Athbhreithníonn bainisteoirí sinsearacha agus an ARC an clár rioscaí ar bhonn ráithe. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as iad a réiteach agus do lucht bainistíochta agus don Údarás, más cuí, go pras. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus;
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chomhlíonadh. Aon cheist a ardaíodh le linn 2018 maidir le soláthar, tá siad aibhsithe in alt na gceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Obair na n-iniúchóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá

lucht bainistíochta sinsearaí san Údarás freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2018.

## Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

### Soláthar neamhchomhlíontach


Le linn 2018 tabhaíodh caiteachas de €63,000 maidir le hearraí agus seirbhísí nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair leis na nósanna imeachta a úsáideadh.  Bhain an caiteachas sin le ceithre chonradh leithleacha.  Síneadh an conradh reatha glantóireachta go ceann sé mhí de thoradh moille ar chomhlánú an phróisis atairisceana.  €15,000 an caiteachas a tabhaíodh le linn an ama shínte seo.  Tar-rolladh seacht gconradh bheaga dar luach iomlán €48,000 leis na soláthraithe reatha in 2018.  Déanfar na conarthaí seo a rialtú le linn 2019.

### Ró-íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Mar chuid de thuairisceán deireadh bliana 2017 chuig na Coimisinéirí Ioncaim, mar gheall ar earráid riaracháin nuair a bhí tuairisceáin leictreonacha á gcur isteach tharla íocaíocht dhúbailte ar thuairisceáin P35 agus PSWT dar suim iomlán €1,093,315.  Ar an mbonn go gcuireann an tÚdarás isteach a thuairisceáin agus íocaíochtaí ar bhonn míosúil, ba chóir na tuairisceáin deireadh bliana a chur isteach le híocaíocht dar suim náid.  Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an ró-íocaíocht a aisíoc láithreach.  Mar gheall ar an earráid riaracháin seo, cuireadh oiliúint bhreise ar fáil agus cuireadh i bhfeidhm síniú deiridh ag maoirseoir.

### Ró-íocaíocht le RCPA

Cheal soiléire a bhaineann le ráta na ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Seirbhíse Poiblí Singil, d'íoc an tÚdarás ranníocaíochtaí fostóra ó 2013 go 2018 ar ráta a bhí ní b'airde na mar ba ghá.  Ró-íocaíocht €332,116 an toradh a bhí air seo.  Tá na rátaí cearta ranníocaíochta i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2018.  Rinne an RCPA an ró-íocaíocht a aisíoc ina dhiaidh sin.




**David Begg**
Cathaoirleach
An 20 Meitheamh 2019

# RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2018 | 2017 |
| | **Nótaí** | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde | | 3,553,560 | 3,376,160 |
| Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta | | 3,368,697 | 3,067,587 |
| Ioncam eile | 2 | 11,545 | 7,177 |
| Iomlán an ioncaim [4] | | 6,933,802 | 6,450,924 |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair [5] | 3 | 4,051,956 | 3,796,735 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 5 | 20,520 | 20,520 |
| Cíos agus costais oifige | 6 | 875,593 | 797,730 |
| Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann | 7 | 170,353 | 142,596 |
| Faisnéis, taighde, agus poiblíocht | 8 | 194,050 | 210,299 |
| Táillí gairmiúla | 9 | 419,644 | 425,177 |
| Riarachán ginearálta | 10 | 500,846 | 621,524 |
| Dímheas | 11 | 224,536 | 177,058 |
| **Iomlán an chaiteachais** | | 6,457,498 | 6,191,639 |
| **Barrachas don bhliain** | | 476,304 | 259,285 |
| Cúlchiste ioncaim ar an 1 Eanáir | | 7,317,160 | 7,057,875 |
| Barrachas don bhliain | | 476,304 | 259,285 |
| **An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig** | | 7,793,464 | 7,317,160 |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



**David Begg**
Cathaoirleach

An 20 Meitheamh 2019



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

An 20 Meitheamh 2019



4 Níl deontais stáit maidir le híocaíochtaí pinsin le fostaithe ar scor san áireamh in Ioncam. Tá cuntas orthu seo i nóta 18. Tá na luachanna comparáideacha in 2017 athaicmithe ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

5 Dá réir sin, níl íocaíochtaí pinsin le fostaithe ar scor san áireamh san áireamh i gCaiteachas. Tá cuntas orthu seo i nóta 18. Tá na luachanna comparáideacha in 2017 athaicmithe ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2018 | 2017 |
| | Nótaí | € | € |
| Barrachas don bhliain | | 476,304 | 259,285 |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir[6] | 18 | 490,000 | 1,437,000 |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | | (298,000) | (492,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir | 18 | (192,000) | (945,000) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | **476,304** | **259,285** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



**David Begg**
Cathaoirleach

An 20 Meitheamh 2019



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

An 20 Meitheamh 2019



6 Léirítear le "Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir" an tionchar ar an luacháil dliteanais atá ag difríochtaí idir na toimhdí a rinneadh ag tús na bliana agus an taithí iarbhír i rith na bliana. Mar shampla, tagann gnóthachan nó caillteanas chun cinn mar thoradh ar dhifríocht idir luachanna measta agus iarbhír i gcás faisnéis bhásmhaireachta, boilsciú, boilsciú tuarastail, agus méaduithe ar phinsin.

# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2018 | | 2017 | |
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 11 | | 473,471 | | 455,669 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Infháltais | 12 | 1,175,290 | | 620,593 | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 17 | 1,568,759 | | 1,673,366 | |
| Taiscí gearrthéarmacha [7] | 17 | 6,545,498 | | 6,538,984 | |
| | | 9,289,547 | | 8,832,943 | |
| **Suimeanna ó chreidiúnaithe dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha | 13 | 469,554 | | 471,452 | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **8,819,993** | | **8,361,491** |
| **Glansócmhainní roimh shochair scoir** | | | **9,293,464** | | **8,817,160** |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Dliteanas sochair scoir | 18 | | (23,369,000) | | (22,080,000) |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste | 18 | | 23,369,000 | | 22,080,000 |
| **Glansócmhainní tar éis sochar scoir** | | | **9,293,464** | | **8,817,160** |
| **Lena léirítear** | | | | | |
| Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta | 15 | 1,500,000 | | 1,500,000 | |
| Cúlchiste ioncaim | 15 | 7,793,464 | | 7,317,160 | |
| | | | **9,293,464** | | **8,817,160** |

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**David Begg**
Cathaoirleach

An 20 Meitheamh 2019

**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

An 20 Meitheamh 2019

7 Breis agus 3 mhí dáta aibíochta na dtaiscí. Ní chomhlíonann sé, mar sin de, an sainmhíniú ar airgead tirim ná ar choibhéisí airgid thirim de réir FRS 102. Cuimsíodh é in airgead tirim agus choibhéisí airgid thirim in 2017.

# RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2018 | 2017 |
| | **Nótaí** | € | € |
| Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 16 | 137,358 | 538,059 |
| Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí cistithe Ús a fuarthas | | 156 | 82 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíoch-ta<br><br>Ceannach sócmhainní neamhreatha<br><br>Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach<br><br>Teicniúil | | (242,121) | (307,424) |
| Íocaíochtaí ó chuntais taisce ghearrthéarm-acha | | 0 | 1,000,262 |
| **Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar a shamhail [8]** | | **(104,607)** | **1,230,978** |
| | | | |
| Réiteach an ghlansreabhaidh airgid le gluaise-acht na nglanchistí | 17 | | |
| **Méadú/(Laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain** | | **(104,607)** | **1,230,978** |
| **Glanchistí ar an 1 Eanáir** | | **1,673,366** | **442,388** |
| **Glanchistí amhail ar an 31 Nollaig** | | **1,568,759** | **1,673,366** |

8 Athaicmíodh figiúirí na bliana roimhe ar an mbonn céanna le 2018.

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

### 1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

#### a) Eolas ginearálta

Cuireadh an tÚdarás ar bun faoi Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus tá príomhoifig an Údaráis lonnaithe ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis mar atá leagtha amach i gCuid 10 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú:

- faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus ar fhorbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne;
- comhairle a thabhairt don Aire, ar iarratas uaidh nó ar a chonlán féin, i dtaobh gach ní a bhaineann leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo agus i dtaobh nithe a bhaineann le pinsin i gcoitinne;
- treoirlínte a eisiúint maidir le dualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais a eisiúint maidir le gnéithe sonracha dá chuid freagrachtaí;
- spreagadh a thabhairt le go gcuirfear saoráidí oiliúna iomchuí ar fáil d'iontaobhaithe scéimeanna;
- comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh caighdeán d'iontaobhaithe scéimeanna agus i dtaobh na caighdeáin sin a chur i ngníomh;
- tuarascáil bhliantúil, agus cibé tuarascálacha eile is dóigh leis is gá ó am go ham, a fhoilsiú;
- cibé tascanna a dhéanamh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás.

Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

#### b) Ráiteas um chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go FRS 102.

#### c) Bonn a n-ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta,ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mura bhfuil a mhalairt luaite, sa leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais an Údaráis.

#### d) Deontais ón Oireachtas

Is éard atá i ndeontais ón Oireachtas ná an méid a chuir an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun costais na sochar aoisliúntais a d'íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh. Aithnítear deontais ón Oireachtas sa bhliain inar íocadh na pinsin bhainteacha.

#### e) Ioncam ó tháillí

i) Táillí ar scéimeanna pinsin ceirde

Tá na táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéime de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 634 de 2010 - Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsin Ceirde (Táillí) (Leasú), 2010. Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana iarbhír agus tá na táillí i leith scéimeanna aonair iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás go ndéantar na táillí ar fad atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire agus na táillí atá dlite i leith scéimeanna aonair a chur san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

ii) Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

Suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táirge, agus bliantúla a gearradh ar sholáthróirí Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Déantar na táillí bliantúla CCSP a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí cláraithe ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amhail ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí) (Leasú), 2002.

#### f) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa ráiteas ioncaim

agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim ar bhonn líne dírí agus dímheas iomlán bliana i bhfeidhm i mbliain an tsealbhaithe. Feidhmítear dímheas ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, ionas gur féidir sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe ó thaobh luach measta iarmharach, thar shaol ionchais gach catagóra chuí.

| | | |
|---|---|---|
| • Feabhsú ar léasacht | 6⅔% | 15 years |
| • Trealamh ríomhaireachta | 25% | 4 bliana |
| • Troscán oifige | 12½% | 8 bliana |
| • Trealamh oifige | 20% | 5 bliana |

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laghdú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

**g) Léas oibriúcháin**

Caitear le híocaíochtaí cíosa sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad.

**h) Sochair scoir** (Féach nóta 18)

**Cineál scéimeanna**

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993, agus tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí (an “Scéim Shamhlach”).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí – tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime (an “Scéim Aonair”).

Ní mhaoiníonn an tÚdarás na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Eiseamláirí) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);
- cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá ranníocaíochtaí fostóra a íocann an tÚdarás cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A i Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D. Tá an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Shingil trí oiread na ranníocaíochta fostaí;
- tá gealltanas sainráite tugtha ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite;
- Aithnítear sócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha i gcomhair sochar scoir ar an Scéim Shingil Pinsin Seirbhíse Poiblí ar bhonn fhorálacha Alt 44 d'Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus forálacha eile) 2012.

Go bunúsach, measann an tÚdarás gur leis an Údarás féin a fhanann an oibleagáid sochair phinsin a íoc ach tá an Státchiste tiomanta do chistí leordhóthanacha a chur ar fáil don Údarás chun oibleagáidí den sórt sin a íoc de réir mar is gá, ar choinníoll go n-íocann an tÚdarás ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra ar rátaí arna sonrú ag an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin infhála iarchurtha ón státchiste araon, agus tá sonraí iomlána ar íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus is ann d’ioncam comhfhreagrach a sheasann d’fhorchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

**Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha na scéime**

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste. Is iad costais phinsin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe atá i gceist le ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

**Dliteanais scéime**

Tomhaistear dliteanais scéime ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag foireann an Údaráis ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar mhaoiniú sochair iarchurtha ón státchiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide maidir le dliteanais na scéime pinsin.

**i) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta**

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, mar aon le forfheidhmiú an chomhlíonta sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D’fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuar cén uair a thiocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d’fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar stuama nó riachtanach

Aistrítear suimeanna ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta chuig an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe i gcás imeachtaí móra dlí .i. achomharc ar chaingean dlí san ard-chúirt.

**j) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta chriticiúla**

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d’ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d’fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin.



Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus luachanna iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaol sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

**Oibleagáid sochair scoir**

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is ionann bonn an ghnóthais leantaigh agus breithiúnas criticiúil freisin.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.

## 2. Ioncam eile

| Ioncam eile | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó ús | 6,780 | 4,656 |
| Aisghabháil costas ionchúisimh | 635 | 2,515 |
| Ioncam ilghnéitheach | 4,130 | 6 |
| | **11,545** | **7,177** |

## 3. Íocaíocht

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 58 (2017, 54) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 70.5 ag deireadh 2018 (2017, 61.5). Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

| Íocaíocht | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastail | 3,214,582 | 2,807,216 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra | 413,069 | 704,899 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra | 309,468 | 262,732 |
| Fostaithe gníomhaireachta/sealadacha | 114,838 | 21,888 |
| | **4,051,956** [9] | **3,796,735** |

### Príomhphearsanra bainistíochta

Comhdhéantar an príomhphearsanra bainistíochta laistigh den Údarás Pinsean den Rialtóir Pinsean agus de Cheann na nOibríochtaí (Airgeadas). Tá luach iomlán na sochar gearrthéarmach fostaithe maidir le príomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastail [10] | 257,133 | 244,620 |

9 Níl íocaíochtaí pinsin le fostaithe ar scor san áireamh i gCaiteachas. Tá cuntas orthu seo i nóta 18. Tá na luachanna comparáideacha in 2017 athaicmithe ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

10 Tá na figiúirí ag teacht leis na gráid mar atá leagtha amach i gCiorclán 16/2018. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin an Údaráis Pinsean agus den Scéim Aonair agus ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná téarmaí an scéim pinsin seirbhíse poiblí eiseamláireach.

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe[11]

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná 60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó € | Go € | 2018 | 2017 |
| 60,000 | 69,999 | 7 | 8 |
| 70,000 | 79,999 | 4 | 6 |
| 80,000 | 89,999 | 2 | 4 |
| 90,000 | 99,999 | 3 | 1 |
| 100,000 | 109,999 | 2 | 3 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 0 |
| 120,000 | 129,999 | 0 | 0 |
| 130,000 | 139,999 | 0 | 0 |
| 140,000 | 149,999 | 0 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 0 |



### 4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean [12]

| Luach saothair an Rialtóra Pinsean | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 151,500 | 146,123 |
| Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra | 37,875 | 36,531 |
| | **189,375** | **182,654** |

Is ball de scéim pinsin an Údaráis Pinsean an Rialtóir Pinsean agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin dá chuid na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe shamplach. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas.

### 5. Táillí chomhaltaí an Údaráis

| Táillí an Údaráis | | |
|---|---|---|
| Ainm | 2018 € | 2017 € |
| David Begg - Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |

11 Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

12 San áireamh i gCostais fostaithe i nóta 3.

### 6. Cíos agus costais oifige

| Cíos agus costais oifige | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Cíos | 558,400 | 558,400 |
| Táille sheirbhíse | 132,427 | 78,475 |
| Rátaí | 72,906 | 62,438 |
| Leictreachas | 53,750 | 33,270 |
| Glantachán | 29,980 | 30,101 |
| Cothabháil ghinearálta | 25,850 | 32,812 |
| Stóras lasmuigh den láthair | 2,279 | 2,234 |
| | **875,592** | **797,730** |

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifigí ar an gcéad, dara agus ceathrú hurlár agus i mbonnlach ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliana, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001. Rinne an tÚdarás léas breise le haghaidh an tríú hurlár de Theach Verschoyle ón 21 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 15 Iúil 2026.

### 7. Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

| Costais oiliúna, oideachais, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Oiliúint agus oideachas | 162,676 | 133,012 |
| Costais a bhaineann leis an bhfoireann [13] | 7,677 | 9,584 |
| | **170,353** | **142,596** |

### 8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

| Faisnéis, taighde, agus poiblíocht | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta | 142,458 | 170,537 |
| Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin | 42,217 | 33,762 |
| Taighde margaidh tomhaltóirí | 9,375 | 6,000 |
| | **194,050** | **210,299** |

13 Áirítear ranníocaíochtaí do choiste sóisialta na foirne agus gníomhaíochtaí eile leis.

### 9. Táillí gairmiúla

| Táillí gairmiúla | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Comhairle dhlí | 93,058 | 128,005 |
| Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh | 36,268 | 11,820 |
| Forbairt tionscadal | 14,699 | 55,785 |
| Comhairleacht maidir le feabhsú an chórais | 5,477 | 17,066 |
| Comhairleacht taighde | 203,123 | 135,570 |
| Táillí ar iniúchadh inmheánach | 14,765 | 15,252 |
| Táillí ar iniúchadh reachtúil | 17,000 | 15,000 |
| Comhairleacht agus fógraíocht earcaíochta | 14,258 | 33,046 |
| Eile | 20,996 | 13,633 |
| | **419,644** | **425,177** |

### 10. Riarachán ginearálta



| Riarachán ginearálta | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Costais stáiseanóireachta agus riaracháin [14] | 37,251 | 39,350 |
| Síntiúis chorparáideacha | 167,494 | 159,884 |
| Teileafón agus postas | 30,308 | 30,626 |
| Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin | 180,266 | 297,952 |
| Taisteal agus cothú [15] | 24,441 | 31,788 |
| Árachas | 51,734 | 53,135 |
| Táillí bainc | 9,352 | 8,789 |
| | **500,846** | **621,524** |

14 Áirítear leis seo táillí do chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca de €3,426

15 San áireamh i gcostais taistil agus cothaithe tá: Taisteal thar lear - €23,121 (áirítear €7,149 taisteal thar lear don Rialálaí Pinsean) Speansais an Rialálaí Pinsean - €7,447 (áirítear €7,149 taisteal thar lear) (2017 - €3,381) taisteal thar lear a bhain, den chuid is mó le rannpháirtíocht an Údaráis i ngníomhaíocht pholasaí rialála agus maoirseachta AE, go háirithe freastal ar chruinnithe d'Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme na hEorpa (EIOPA).

### 11. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Feabhsú ar léasacht € | Trealamh ríomhaireachta € | Oifig troscán € | Trealamh oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,261,564 | 1,594,968 | 249,645 | 94,228 | 3,200,405 |
| Breiseanna sa bhliain | 0 | 232,616 | 9,048 | 457 | 242,121 |
| Diúscairt sa bhliain | (14,967) | (672,708) | (161,711) | (43,724) | (893,110) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 1,246,597 | 1,154,876 | 96,982 | 50,961 | 2,549,416 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,160,415 | 1,302,308 | 214,722 | 67,291 | 2,744,736 |
| Diúscairtí sa bhliain | (14,967) | (673,600) | (161,649) | (43,111) | (893,327) |
| Muirear don bhliain | 8,910 | 200,712 | 7,897 | 7,017 | 224,536 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 1,154,358 | 829,420 | 60,970 | 31,197 | 2,075,945 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 101,149 | 292,660 | 34,923 | 26,937 | 455,669 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 92,239 | 325,456 | 36,012 | 19,764 | 473,471 |



### 12. Infháltais

| Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin: | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí | 515,500 | 490,000 |
| Ús fabhraithe infhaighte | 2,710 | 2,599 |
| Réamhíocaíochtaí | 161,043 | 44,336 |
| Féichiúnaithe, eile | 496,037 | 83,658 |
| | **1,175,290** | **620,593** |

### 13. Suimeanna iníoctha

| Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin: | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Fabhruithe creidiúnaí | 182,618 | 267,719 |
| Fabhruithe caipitil | 0 | 39,704 |
| Pá saoire fabhraithe | 89,133 | 55,547 |
| Creidiúnaí cánach | 101,319 | 101,633 |
| Creidiúnaithe trádála | 96,484 | 6,849 |
| | **469,554** | **471,452** |

## 14. Ceangaltais airgeadais

(i) **Ceangaltais chaipitil**
Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2018.

(ii) **Léasanna oibriúcháin**
Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bhí le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Laistigh de 1 bhliain amháin | 558,400 | 558,400 |
| 2-5 bliana | 2,233,600 | 2,233,600 |
| Os cionn 5 bliana | 1,417,477 | 1,975,877 |
| | **4,209,477** | **4,767,877** |

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar chostas.

## 15. Cúlchistí ioncaim

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta** | | |
| Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh | 1,500,000 | 1,500,000 |
| **Cúlchiste ioncaim** | | |
| Ag deireadh na bliana | 7,793,464 | 7,317,160 |
| | **9,293,464** | **8,817,160** |



## 16. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 476,304 | 259,285 |
| **Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad** | | |
| Ioncam airgeadais | (6,780) | (4,656) |
| **Míreanna nach míreanna airgid iad** | | |
| Dímheas | 224,536 | 177,058 |
| (Méadú)/Laghdú ar infháltais | (555,874) | 25,798 |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha neamh-chaipitil | (1,898) | 80,574 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 1,070 | 0 |
| Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 137,358 | 538,059 |

## 17. Anailís ar athruithe i sreafaí airgid

### a) Airgead tirim agus dá shamhail

| | Amhail an 1 Eanáir 2018 € | Sreabhadh airgid € | Amhail an 31 Nollaig 2018 € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 1,673,366 | (104,607) | 1,568,759 |

### b) Cuntais taisce ghearrthéarmacha

| | Amhail an 1 Eanáir 2018 € | Sreabhadh airgid € | Amhail an 31 Nollaig 2018 € |
|---|---|---|---|
| Taiscí gearrthéarmacha | 6,538,984 | 6,514 | 6,545,498 |

## 18. Cur chuige cuntasaíochta i leith sochair scoir

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghsinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.

Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Eiseamláirí) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Is í an tsuim iomlán atá i gceist i ranníocaíocht fostóra le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsin, 25% de phá comhlán d'fhostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A. Is ionann an ranníocaíocht fostóra a íocann an tÚdarás leis an Scéim Shingil agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí:
- agus 30% de phá comhlán d'fhostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D agus is é an tÚdarás a íocann í.
- tá gealltanas sainráite tugtha ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite.

### a) Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochar scoir faoi FRS102 ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar chostas na sochar (costais seirbhíse) a fhabhraítear i rith na bliana.

Bunaíodh an luacháil sin ar an modh aonaid tionscadail, agus bhí na heochairthoimhdí airgeadais seo a leanas mar bhunphrionsabal ann (déantar comparáid le 2017):

| | An 31 Nollaig 2018 | An 31 Nollaig 2017 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine [16] | 2.10% in aghaidh na bliana | 2.00% in aghaidh na bliana |
| Ráta boilscithe | 1.50% in aghaidh na bliana | 1.75% in aghaidh na bliana |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc | 2.50% in aghaidh na bliana | 2.75% in aghaidh na bliana |
| Méadú ar thuarastail inphinsin [17] | 2.50% in aghaidh na bliana | 2.75% in aghaidh na bliana |

16 Sonraítear an ráta lascaine faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar an bhfáltas ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin ar an dáta luachála.

17 Móide liúntas do scálaí pá na hearnála poiblí.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun na dliteanais sochair scoir a ríomh faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na tréimhse:

| | An 31 Nollaig 2018 | | An 31 Nollaig 2017 | |
|---|---|---|---|---|
| Básmhaireacht: roimh dhul ar scor | Dada | | Dada | |
| Básmhaireacht: tar éis dul ar scor | 58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh | | 58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh | |
| Ionchas saoil ag aois 65: | Fir | Mná | Fir | Mná |
| Dáta FRS: | 21.5 | 24.0 | 21.4 | 23.9 |
| Dáta FRS + 20 bliain: | 24.2 | 26.6 | 24.1 | 26.5 |
| Scor | Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir. | | Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir. | |
| Bearna san aois | Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineann 3 bliana níos óige ná a céile. | | Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineann 3 bliana níos óige ná a céile. | |



**b) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas**

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomláin an fhostóra | 802,428 | 718,000 |
| Aisíoc SPSPS ó RCPA [18] | (332,116) | 0 |
| Coigeartuithe d'fhostaithe ar iasacht agus aistrithe | (57,243) | (13,101) |
| Costas seirbhíse reatha [19] | 1,028,000 | 891,000 |
| Costas úis | 438,000 | 389,000 |
| Costas iar-sheirbhíse | 0 | 0 |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha an Státchiste | (1,466,000) | (1,280,000) |
| Méid iomlán a chuirtear chun dochar an ráitis ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe | **413,069** | **704,899** |

18 Is ionann SPSPS agus an Scéim Shingil Pinsin Seirbhíse Poiblí. Baineann an t-aisíoc le ranníocaíochtaí fostóra a ró-íocadh leis an SPSPS idir 2013 agus 2018.
19 Áirítear leis ranníocaíochtaí fostaí dar suim iomlán €157,000 in 2018 agus €131,000 in 2017.

### c) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir | 22,080,000 | 20,468,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 1,028,000 | 891,000 |
| Costas úis | 438,000 | 389,000 |
| Costas iar-sheirbhíse | 0 | 0 |
| (Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | 490,000 | 1,437,000 |
| Athrú sna toimhdí | (298,000) | (492,000) |
| Sochair a íocadh i rith na bliana [20] | (369,000) | (613,000) |
| Glandliteanas pinsean amhail an 31 Nollaig | 23,369,000 | 22,080,000 |

### d) Coigeartuithe achtúireacha

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Gnóthachain ó thaithí ar oi-bleagáidí sochair scoir | 490,000 | 1,437,000 |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha na hoibleagáide sochair scoir | (298,000) | (492,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir | (192,000) | (945,000) |

### e) Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 802,428 | 718,363 |
| Aisíoc SPSPS ó RCPA | (332,116) | 0 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 156,905 | 130,839 |
| Asbhaint a bhaineann le pinsean [21] | 156,623 | 120,476 |
| | 783,840 | 969,678 |

20 Áirítear leis an méid sin aisíocaíocht de €24,640 maidir le fostaí a d'aistrigh amach as an Údarás in 2018.

21 Go teicniúil, ní ranníocaíocht pinsin í an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean.

### Miondealú ar íoc asbhaintí pinsean

Tá fostaithe de chuid an Údaráis Pinsean ina mbaill de na scéimeanna a leanas:

- Scéim roimh 1995
- Scéim tar éis 1995
- Scéim aonair

Déantar ranníocaíochtaí pinsean maidir le scéimeanna roimh 1995 agus tar éis 1995 a íoc leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS). Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an scéim aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú (RCPA). Tá miondealú sa tábla thíos ar na híocaíochtaí.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **RGFCS:** | | |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 522,214 | 505,625 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 106,839 | 95,717 |
| Asbhaint a bhaineann le pinsean | 156,623 | 120,476 |
| **RCPA:** | | |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | 280,214 | 212,738 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 50,066 | 35,122 |
| Aisíoc SPSPS ó RCPA | (332,116) | 0 |
| | **783,840** | **969,678** |

### f) Fáltais agus íocaíochtaí Aoisliúntais

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin [22] | 344,358 | 609,927 |
| Sochair aoisliúntais íoctha | (344,358) | (609,927) |

### 19. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó i bhfeidhm ag an Údarás i leith comhaltaí dá chuid de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuimsítear leis an gCód um Iompar Gnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana atá cuimsithe sna ráitis airgeadais seo. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais in 2018 le comhaltaí an Údaráis ach amháin na táillí Údaráis atá mionsonraithe i Nóta 5 a íoc.

### 20. Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorparáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

### 21. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 10 Meitheamh 2019.

22 Vóta 37 fo-cheannteideal A41.2 na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

# AGUISÍN I

## Ballraíocht i Scéimeanna Pinsin Ghairme (OPS) agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)*

**Tábla 1: Scéimeanna le sochar sainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2018**

| An líon scéimeanna sochar sainiúil ina bhfuil baill ghníomhacha amhail ar an 31 Nollaig 2018 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid na Scéime | Le Sochar Sainithe | | | | Gach Scéim | |
| | Faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe | | Nach bhfuil faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe | | | |
| | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha |
| Calctha | 199 | 0 | 0 | 0 | 199 | 0 |
| Á fhoirceannadh | 26 | 0 | 0 | 0 | 26 | 0 |
| | | | | | | |
| Nach grúpa | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 0 go dtí 50 | 237 | 3,004 | 41 | 941 | 278 | 3,945 |
| 51 go dtí 99 | 41 | 2,884 | 8 | 588 | 49 | 3,472 |
| 100 go dtí 500 | 76 | 17,939 | 22 | 4,810 | 98 | 22,749 |
| 501 go dtí 1000 | 18 | 11,527 | 8 | 6,148 | 26 | 17,675 |
| 1001+ | 17 | 67,329 | 20 | 379,119 | 37 | 446,448 |
| **Iomlán in 2018** | **614** | **102,683** | **99** | **391,606** | **713** | **494,289** |
| | | | | | | |
| Iomlán in 2017 | 640 | 105,414 | 98 | 351,806 | 738 | 457,220 |
| **Athrú ó 2017** | **-26** | **-2,731** | **1** | **39,800** | **-25** | **37,069** |

**Tábla 2: Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2018**

| Líon scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus baill ghníomhacha iontu amhail an 31 Nollaig 2018 | | |
|---|---|---|
| | Líon na Scéimeanna | Baill Ghníomhacha |
| Nach Grúpa | 63,001 | 63,001 |
| 1-10 | 6,368 | 17,861 |
| 11-20 | 959 | 14,052 |
| 21-30 | 480 | 12,012 |
| 31-40 | 275 | 9,669 |
| 41-50 | 197 | 8,911 |
| 51-99 | 384 | 26,713 |
| 100-500 | 339 | 70,737 |
| 501-1000 | 50 | 32,727 |
| 1000+ | 43 | 95,974 |
| **Iomlán in 2018** | **72,096** | **351,657** |
| | | |
| Iomlán in 2017 | 70,700 | 329,297 |
| **Athrú ó 2017** | **1,396** | **22,360** |



## Sonraí PRSA

Méadaíodh líon na gconarthaí PRSA faoi 2018 ó 16,463 go 281,127 agus is ionann na sócmhainní faoi bhainistíocht agus € agus 6.3 billiún. Cuimsíodh na nithe a leanas leis na conarthaí:

- 206,962 conradh PRSA caighdeánach
- 74,165 conradh PRSA neamh-chaighdeánach.

*Tá sonraí faoi bhallraíocht scéimeanna agus ar PRSA bunaithe ar shonraí a thug aonáin rialáilte don Údarás.

An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
DO2 KX27

Teileafón: (01) 613 1900
www.pensionsauthority.ie

ISSN 1649 8690